
# Timpiste sa Choláiste Samhraidh







Samhradh amháin, chuaigh mise agus mo chairde go dtí coláiste samhraidh sa Ghaeltacht. **D'fhág ár dtuismitheoirí slán linn**. Dúirt siad linn **taitneamh a bhaint** as an chúrsa agus bheith cúramach.

Ar an chéad lá, chonaic muid fógra le himeachtaí an lae. Ar maidin bhí ranganna **ar siúl** agus ansin, an lón. Tar éis an lóin, bhí cluichí ar siúl. Agus san oíche, bhí céilí agus seó tallainne ar siúl.








Ach ar an chéad lá, nuair a bhí muid amuigh ag imirt peile, thit Liam agus ghortaigh sé a chos go dona. Bhí Liam bocht **i bpian uafásach** agus **bhí trua agam dó.**

Chuir **stiúrthóir an chúrsa** scairt ar an ospidéal, ach bhí an t-ospidéal caoga míle ón choláiste. **Bhí dúil mhór ar Liam sa spórt** ach **b'shin deireadh leis an spórt** ar feadh tamaill!







Thóg siad Liam go dtí an t-ospidéal. Dúirt an dochtúir nach raibh an cos briste ach **go mbeadh sé ar mhaidí croise ar feadh tamaill.** D'inis an stiúrthóir an dea-scéal dá thuismitheoirí.

Ar fiche tar éis a deich an oíche sin, tháinig a thuismitheoirí go dtí an choláiste. Bhí céilí ar siúl. **Thug siad bualadh bos** dá mac. Bhí sé breá sásta a thuismitheoirí a fheiceáil.